

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 34

AG MÚINEADH FÉINBHAINISTÍOCHTA

Tá féinbhainistíocht cosúil le féinfhreagracht mar scil ach níl an ghné mhorálta chéanna i gceist leis. Deir Westwood (2003, lch. 56) gurb ionann féinbhainistíocht agus an cumas atá ag gach dalta *“to function independently in any given learning environment without the need for constant supervision, prompting or direction”*.

Tá modh oibre a bhfuil cúig chéim inti:

1. **Míniú:** pléigh cén fáth a bhfuil tábhacht le féinbhainistíocht
2. **Léiriú:** déanann an múinteoir / piara aithris ar an iompar
3. **Rólghlacadh:** cleachtann an dalta agus faigheann sé/sí aiseolas soiléir
4. **Leid a thabhairt:** tugtar nod nuair is cuí don dalta an t-iompar seo a dhéanamh nó tugtar moladh dó/di murar gá aon leid a thabhairt
5. **An nós a choinneáil:** an féidir leis an dalta an nós iompair a choinneáil?

Sampla: Níl Peter in ann a spás oibre / leabhair / acmhainní a choinneáil néata. Bíonn sé trína chéile má iarrrtar air rud éigin a fháil agus bíonn fearg air ansin nuair nach féidir leis an rud a fháil. Dá bharr sin bíonn teannas leanúnach idir Peter agus a chuid múinteoirí, agus ceapann siadsan go bhfuil sé leisciúil, nach bhfuil aon spéis aige sa rang agus go bhfuil sé ag iarraidh cur ina gcoinne d'aon turas.

1. **Míniú:** Caithfidh Peter córas a fhorbairt lena chuid oibre agus a chuid acmhainní a chomhdú agus a chur in eagar. Cabhróidh sé seo leis coinneáil suas leis an rang agus ní bheidh gá le hiompar míchuí dá bharr sin.
2. **Léiriú:** taispeáin do Pheter cad is fillteán ann / cén cruth atá ar dheasc néata. Iarr air nóta a dhéanamh den áit a leagfaidh sé gach rud atá aige.
3. **Rólghlacadh (Cleachtadh):** Leag fillteán agus deasc ar leataobh do Pheter. Iarr air a chuid nótaí, bileoga eolais, leabhair, acmhainní srl a chomhdú / a chur in eagar san áit cheart.
4. **Leid a thabhairt:** Nuair a fhaigheann Peter bileog oibre / peann luaidhe / leabhar nua tabhair faoi deara ar chuir sé i dtaisce i gceart é nó ar chaith sé ar an deasc é nó isteach ina mhála. Meabhraigh dó mura ndéanfaidh sé i gceart é nó má chaitheann sé gach rud isteach ina mhála. Fiafraigh de cad é an t-iompar is feiliúnaí. Tabhair moladh dó má éiríonn leis é a dhéanamh gan leid a fháil.
5. **An nós a choinneáil:** Seiceáil ar fhaitíos go dtitfidh sé ar ais ar a shean-nós chomh luath is a bheidh sé ina mháistir ar an nós.

Straitéisí eile atá in ann cabhrú le daltaí féinbhainistíocht éifeachtach a fhorbairt: leabhair, cóipeanna agus fillteáin a bhfuil dathanna orthu; léarscáil den scoil / seomra ranga; amchlár aonair / eagraí ina bhfuil sonraí d'ainmneacha na múinteoirí, na seomraí ina mbíonn rang faoi leith, liostaí den trealamh a theastaíonn i gcomhair gach ábhair srl.

Is féidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta ról an-tábhachtach a bheith acu ó thaobh maoirsiú de agus na ndaltaí ag iarraidh iad féin a bhainistiú – is féidir leis na cúntóirí leideanna agus tacaíocht a thabhairt do na daltaí de réir mar is gá.